C/2024/6855

13.11.2024

Foilsiú iarratais ar chealú an téarma thraidisiúnta 'Vino de pago calificado' de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, lipéadú agus cur i láthair

(C/2024/6855)

Laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, agóid a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ([1]).

IARRAIDH AR CHEALÚ MAIDIR LEIS AN TÉARMA TRAIDISIÚNTA

'Vino de pago calificado'

Dáta fála: 1 Aibreán 2024

Líon leathanach (an leathanach seo san áireamh): 3

Teanga na hiarrata ar chealú: Spáinneach

Uimhir an chomhaid: Ares(2024)2402098

An téarma traidisiúnta a n-iarrtar an cealú ina leith: Vino de pago calificado

Údar na hiarrata ar chealú:

Ainm an duine dhlítheanaigh nó nádúrtha atá ag iarraidh an chealaithe:

Ard-Stiúrthóireacht an Bhia, Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia na Spáinne

Seoladh iomlán (uimhir agus ainm sráide, baile/cathair agus cód poist, tír):

Pº Infanta Isabel,1, 28071 Maidrid, an Spáinn

Náisiúntacht: Spáinneach

Teileafón, facs, ríomhphost:

Teil. +34 91 347 53 97

Facs +34 91 347 54 10

Ríomhphost: dga@mapa.es; sgccala@mapa.es

Leas dlisteanach údar na hiarrata:

Is é údarás inniúil na Spáinne de Riarachán Ginearálta an Stáit an t-iarratasóir.

An foras le cealú a dhéanamh:

— Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (*)

— ~~Airteagal 32(2) de Rialachán Tarmligthe (*)~~

— ~~Airteagal 33(1) de Rialachán Tarmligthe (*)~~

— ~~Airteagal 33(2) de Rialachán Tarmligthe (*)~~

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/33/oj.

— ~~Airteagal 36(b) de Rialachán Tarmligthe (*)~~

[(*) scrios de réir mar is iomchuí]

Míniú ar an bhforas le cealú a dhéanamh:

[Tabhair cúiseanna cuí-réasúnaithe agus réasúnú, mionsonraí na bhfíoras, fianaise agus barúlacha chun tacú leis an gcealú. Tabhair na doiciméid is gá i gcás cealú atá bunaithe ar thrádmharc níos luaithe a bheith ann a bhfuil clú agus cáil air].

Is é is cúis leis an gcealú ná nach gcomhlíonann an téarma traidisiúnta sin an coinníoll bailíochta dá bhforáiltear in Airteagal 27(1)(d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 toisc nach ainm é 'a shainítear agus a rialaítear i reachtaíocht an Bhallstáit'.

Rialaíodh an téarma traidisiúnta 'Vino de pago calificado' sa Spáinn le Dlí Uimh. 24/2003 an 10 Iúil 2003, maidir le Fíniúnacha agus Fíon (https://www.boe.es/boe/dias/2003/07/11/pdfs/A27165-27179.pdf). Cumhdaíodh é le hAirteagal 24.2 den dlí céanna. Mar sin féin, cuireadh Dlí Uimh. 6/2015 an 12 Bealtaine 2015 in ionad an dlí sin, agus tá an chéad dlí sin i bhfeidhm faoi láthair, maidir le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint ar leibhéal os cionn na bPobal Féinrialaitheach nach gcumhdaíonn, ina Thríú Foráil Bhreise, an téarma traidisiúnta 'Vino de pago calificado' (https://www.boe.es/buscar/pdf/2015/BOE-A-2015-5288-consolidado.pdf).

Chinn údaráis na Spáinne é a scriosadh ó na rialacha náisiúnta toisc nár úsáideadh riamh é.

ARD-STIÚRTHÓIR AN BHIA

Síniú